## Dara hÁbhar Teagaisc: Acmhainní 2019/2020

**Liosta na nasc do shuíomhanna gréasáin a luaitear sa cheardlann**

**Seisiún 1 - An foghlaimeoir ag forbairt**

JCSP

- http://www.jcsp.ie/resource_category/view/1345

CCEA

- www.ccea.org.uk

Teanglann

- https://www.teanglann.ie/en/
- https://www.teanglann.ie/en/fb/

Abair

- https://www.abair.tcd.ie/ga/

COGG

- https://www.cogg.ie/

TES

- https://www.tes.com/teaching-resource/101-novel-ideas-inspiration-for-the-tired-teacher-6030659

CSS

- https://www.examinations.ie/exammaterialarchive/

**Seisiún 2 - Measúnú machnamhach**

CNCM (Fócas ar an bhFoghlaim 3- Aiseolas Foirmitheach)

- https://ncca.ie/media/1936/ncca-junior-cycle-assessment-workshop-3-ga.pdf
- https://curriculumonline.ie/getmedia/22e3283a-832a-478f-bbe0-b8c8d464e886/Assessment-Guidelines_Gaeilge-T1-FV_1.pdf

**Seisiún 3 – Saoirse na scríbhneoireachta**

CNCM

- https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Gaeilge/

Twitter

- **@FoclirUDhnaill**
- **@focloir_ie**
- **@tearma_ie**

# Ailíniú

| Seisiún 2 | Toradh Foghlama | Intinn Foghlama | Tasc(anna) | Critéir Ratha | Aiseolas |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| Sainmhíniú | *Is ráiteas é seo a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach.* | *Is ráiteas é an Intinn Foghlama a chruthaíonn an múinteoir (nó a chomhchruthaíonn múinteoir agus scoláirí) le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna; ráiteas a chuireann síos go soiléir ar an eolas a bheidh ag na scoláirí, ar a dtuigfidh siad, agus ar a mbeidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama. Bíonn Intinní Foghlama dírithe go sonrach ar fhoghlaim i gcomhthéacs ar leith agus tugann siad cuntas mionsonraithe ar an bhfoghlaim sin.* | *Píosa oibre / saothar lena n-áirítear leithéidí na nithe seo a leanas; taighde, cur i láthair ó bhéal, cuntas dialainne, blag, scéal cruthaitheach, cuntas, freagairt phearsanta ar théacs, tionscnamh, póstaer, téacs ilmhódach, giota machnamhach, agallamh srl. a chuireann fianaise ar fáil ar an bhfoghlaim atá bainte amach ag an scoláire faoi dheireadh an Aonaid. Ba chóir go bhfreastlódh an tasc don mheasúnú ar riachtanais dhifreálaithe an scoláire.* | *Bíonn siad seo nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.* | *Bíonn sé seo i gceist tar éis modhanna foirmiúla / neamhfhoirmiúla a úsáid chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis foghlama. Is cuid lárnach don eispéireas foghlama é. Baintear leas as na critéir ratha a bhain leis an tasc chun tacú le scoláirí buanna agus bearnaí an tsaothair s'acu a aithint. Tacaíonn sé leis an scoláire an chéad chéim eile sa bhfoghlaim a aithint agus aidhmeanna foghlama a leagan amach dó féin.* |
| Sampla bunaithe ar dhráma | 1.2 éisteacht chun brí nó sonraí faoi leith agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint<br>1.10 léiriú ar thaitneamh a bhaint as raon leathan téacsanna ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt<br>1.16 focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí<br>1.20 idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla<br>1.27 teachtaireachtaí scríofa a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha<br>2.6 litriú agus poncaíocht chruinn a aithint agus a úsáid | Táimid ag foghlaim:<br>• conas radharc as dráma a léiriú inár ngrúpaí ag glacadh ról carachtair amháin an duine<br>• conas línte an charachtair a léamh os ard le fuaimniú cruinn<br>• faoin nasc idir an litriú agus fuaimniú agus é sin a thabhairt faoi deara<br>• conas logáil isteach i Mentimeter/Padlet agus tuairim a roinnt ar líne faoin gcarachtar sin<br>• ó phointí daoine eile faoi na carachtair eile (trí iad a léamh (ar an scáileán) agus a phlé | • Aithris a dhéanamh ar radharc as an dráma.<br>• Cleachtadh a dhéanamh ar fhuaimniú ceart na bhfocal le cabhair ó litriú na bhfocal<br>• taibhiú a dhéanamh ar an radharc os comhair an ranga nuair a bheidh cleachtadh déanta againn air.<br>• tobsmaointeoireacht ar líne a dhéanamh i dtaca leis na carachtair éagsúla trí úsáid a bhaint as feidhmchlár (m.sh. Mentimeter, Padlet srl)<br>• An fáth ar/nár bhain mé taitneamh as an rang a lua<br>• Pointí a chéile a phlé os ard | • Léigh mé mo chuid línte le fuaimniú cruinn ceart agus le mothúcháin an charachtair a chur in iúl de réir mar a shamhlaigh mé gur chóir<br>• Roinn mé mo smaointe faoin gcarachtar sin ar an scáileán<br>• Thuig mé agus phléigh mé na pointí a scríobh mo chomhscoláirí ar an Menti/Padlet<br>• Chuir mé ceist faoi aon phointe nár thuig/aontaigh mé leis<br>• Rinné mé nótaí i mo dhialann mhachnaimh faoinar fhoghlaim mé (a) faoin litriú/bhfuaimniú (b) faoi na carachtair (c) ar mo thuairimí faoin eispéireas foghlama inniu | |
| Leas a bhaint as téacs ó bhéal chun cur le mo thuiscint ar chanúintí | 1.5 idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge<br>1.6 píosaí éisteachta a roghnú go criticiúil agus iad a roinnt ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha<br>1.22 dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile<br>2.7. saibhreas canúnach na Gaeilge a aithint agus idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge ag tabhairt difríochtaí foghraíochta agus leaganacha canúnacha faoi deara<br>3.6 aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama | Tá mé ag foghlaim conas<br>• (leaganacha d') amhráin ón liosta dualgais a roghnú chun foghlaim faoi chanúint eile<br>• difríochtaí idir an chanúint san amhrán (nó canúint an amhránaí) agus mo chanúint féin a aithint agus a liostáil<br>• na difríochtaí sin a phlé le mo pháirtithe sa ghrúpa<br>• na pointí (stór focal, nathanna, fuaimniú agus gramadach canúnach) a d'fhoghlaim mé a chur i mo loga foghlama agus a léiriú i bhfoirm phóstaeir | • Obair i ngrúpaí beirte/triúir chun taighde a dhéanamh ar amhrán (amhráin) ar an gcúrsa a scríobhadh i gcanúint eile seachas mo chanúint féin<br>• Comhrá a bheith agam le mo pháirtí(the) faoi na difríochtaí canúna a thugaimid faoi deara san amhrán (sna hamhráin)<br>• An t-aiseolas a roinnt agus a phlé leis na grúpaí eile sa rang chun póstaer ar na mórdhifríochtaí canúnacha a dhearadh agus a chrochadh sa rang | Roghnaímid….<br>Bainimid úsáid as….<br>Déanaimid….<br>Cuirimid….<br>Malartaímid….<br>Dearaimid… | • Roghnaigh sibh dhá amhrán a bhaineann le canúint eile<br>• Rinne sibh léiriú maith ar chuid den stór focal agus nathanna ón gcanúint sin,<br>• Luaigh sibh cúpla pointe suimiúil faoi fhuaimniú na bhfocal sa chanúint sin.<br>• Chuir sibh liosta na stór focal/nathanna canúnacha i bhur logaí foghlama.<br>• Is léir gur oibrigh sibh go maith lena chéile mar ghrúpa<br>• Don chéad dréacht eile den phóstaer, bheadh sé suimiúil cúpla sampla den ghramadach canúnach a lua. |